Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0017(NLE)**

**6209/23**
**ADD 2**

**TRANS 48**
**RELEX 164**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHCHOISTE a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin, a mhéid a bhaineann leis an leanúint leis an gComhaontú |

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. 2/2023**
**ÓN gCOMHCHOISTE**
**a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar**
**idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin**

**an …**

**a mhéid a bhaineann leis an leanúint leis an gComhaontú**

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin[1], agus go háirithe Airteagal 7 de,

1 IO L 179, 6.7.2022, lch. 4.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí Chinneadh Uimh. 1/2023 uaidh an …, ghlac an Comhchoiste a Rialacha Nós Imeachta.

(2) De bhun Airteagal 6(1) den Chomhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin ('an Comhaontú'), tá an Comhaontú le feidhm a bheith aige go dtí an 30 Meitheamh 2023.

(3) De bhun Airteagal 7(2) den Chomhaontú, tá an Comhchoiste le tionól 3 mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar an ngá leanúint leis an gComhaontú agus cinneadh a dhéanamh ina leith sin, lena n-áirítear fad na leanúna.

(4) Léiríodh leis an bhfaireachán ar an gComhaontú go bhfuil sé tagtha chun bheith fíor- riachtanach le haghaidh dhea-fheidhmiú na lánaí dlúthpháirtíochta idir an tAontas agus an Úcráin.

(5) Dá bharr, is freagra é fadú an Chomhaontaithe ar an nglaoch ó Chinn Stáit agus Rialtais an Aontais ar an Aontas Eorpach 'leanúint d'fheabhas a chur ar éifeachtúileacht na Lánaí Dlúthpháirtíochta uile' mar leis na Lánaí seo, 'bhíothas in ann líon suntasach de bharra, de tháirgí talmhaíochta agus de leasacháin na hÚcráine a onnmhairiú chuig na tíortha is mó atá i ngátar'[1].

---

[1] Conclúidí ó chruinniú na Comhairle Eorpaí an 20 agus 21 Deireadh Fómhair 2022, pointe 15 (EUCO 31/22, 21.10.2022).

(6) Tá tionchar dearfach tar éis a bheith ag an gComhaontú ar an Aontas Eorpach freisin ós rud é go rabhthas in ann onnmhairí a mhéadú chun na hÚcráine. Mar sin féin, ní raibh ina thoradh ar an gComhaontú ach méadú teoranta maidir le hoibríochtaí ar chríoch an Aontais Eorpaigh a dhéanann oibreoirí iompair de bhóthar de chuid na hÚcráine, agus níor tháinig méadú ar leibhéal na hiomaíochta ar bhealach neamh-inghlactha le haghaidh oibreoirí iompair de bhóthar an Aontais.

(7) Tá an Comhaontú tar éis tacú freisin leis an ngníomhaíocht ó údaráis na mBallstát atá inniúil chun doiciméid tiománaí a rialú maidir leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise agus an bhrionnaithe.

(8) Ba cheart féachaint ar fhadú an Chomhaontaithe mar bheart a rannchuidíonn freisin le hatógáil na hÚcráine tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine.

(9) Dá bhrí sin, is iomchuí síneadh a chur leis an gComhaontú go dtí an 30 Meitheamh 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leanúint leis an gComhaontú*

Leis seo, cuirtear síneadh leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin go dtí an 30 Meitheamh 2024.

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh ...,

*Thar ceann an Chomhchoiste*

*Na Comhchathaoirligh*